

Ardán Rannpháirtíochta Leanaí an Aontais
An Dara Comhairliúchán

# ÁR NDAONLATHAS, ÁR NGUTH

## Achoimre ar a ndúirt na leanaí

Márta-Bealtaine 2024

## CÉARD ATÁ I GCEIST LEIS SEO?

Is éard atá i gceist leis an daonlathas ná gur féidir le gach duine, leanaí san áireamh, cead cainte a bheith aige maidir le cinntí a bhaineann lena shaol. Idir mí an Mhárta agus mí na Bealtaine 2024, roinn leanaí ó gach cearn den Aontas Eorpach a smaointe faoin gcaoi a n oibríonn an daonlathas dóibh.



> **Ní mór dúinne a bheith i láthair i ngach spás ina ndéantar beartas a cheapadh a mbíonn tionchar díreach acu orainn.**
> -Leanbh ón Spáinn

## CÉ A BHÍ RANNPHÁIRTEACH?

**D'fhreagair 1,921 leanbh ó 23 thír san Aontas Eorpach** ceisteanna faoina dtaithí agus faoina smaointe maidir leis an daonlathas i suirbhé ar líne.

**Ghlac 28 leanbh agus 3 ghníomhaí** óige páirt in agallaimh.

**Phléigh 122 leanbh** an t ábhar i ngrúpaí fócais.

**Thug Painéal Leanaí** an Ardáin comhairle maidir le hábhair an tsuirbhé.

## CAD A DÚIRT NA LEANAÍ?

| ÁITEANNA SÁBHÁILTE AGUS CUIMSITHEACHA | |
|---|---|
| Cad a dúirt na leanaí? | Cad atá ag teastáil ó leanaí? |
| • Is é a thuigeann leanaí as rannpháirtíocht dhaonlathach a bheith ar an eolas, éisteacht a fháil agus a bheith in ann vóta a chaitheamh.<br>• Is mó deiseanna atá ann i gcathracha ná faoin tuath.<br>• Is mó an fonn a bhíonn ar leanaí aosta a bheith rannpháirteach ná leanaí óga.<br>• Ní thugtar dóthain airde orthu ar an leibhéal náisiúnta/Eorpach (is mó a thugtar ar an leibhéal áitiúil). | • Cuireadh níos mó a fháil a bheith rannpháirteach i spásanna do dhaoine fásta nó cuir leo, comhairlí áitiúla, comhairlí náisiúnta agus comhairlí de chuid an Aontais mar shampla, ina ndéantar cinntí a dhéanann difear dóibh go díreach.<br>• Spásanna sábháilte ina mothaíonn leanaí go bhfuil áit ann dóibh, go bhfuil glacadh leo agus gur féidir leo a dtuairimí a nochtadh go hoscailte chun difear a dhéanamh in ábhair thábhachtacha ar nós an idirdhealaithe agus cuidiú lena bpobail.<br>• Daoine fásta chun cuidiú le leanaí agus meantóireacht a dhéanamh orthu maidir le bheith rannpháirteach sa chinnteoireacht. |

| Spásanna Sábháilte ar Líne | Ardáin ar ar féidir le leanaí a gcuid fadhbanna a phlé ar bhealach sábháilte agus comhairle a lorg ó phiaraí agus ó ghairmithe. |
|---|---|

> **Áit a bhfuil cónaí orm, níl club díospóireachta ann faoi láthair, ach táim ag obair go gníomhach ar an ábhar sin chun go mbeidh. Nuair a bhíodh cónaí orm sa chathair, ba bhall den chlub díospóireachta mé.**
> -Leanbh ón Liotuáin

## TIONCHAR A IMIRT AR CHINNTÍ

### Cad a dúirt na leanaí?

- Is suim le leanaí tionchar a imirt ar chinntí a dhéanamh difear dá saol go díreach, rialacha scoile agus gníomhaíochtaí sa phobal áitiúil, cuir i gcás.

### Cad atá ag teastáil ó leanaí?

- A bheith in ann cuidiú le rialacha scoile a cheapadh, dátaí scrúduithe a roghnú agus bealaí a aimsiú chun deireadh a chur leis an mbulaíocht.
- Aiseolas a fháil maidir lena smaointe.
- A bheith ar an eolas má úsáideann daoine fásta smaointe leanaí agus conas a úsáideann siad iad, cad a tharlaíonn lena moltaí agus torthaí a rannpháirtíochta.

**Tionscadail Chomhshaoil**

Tá leanaí ag iarraidh go n eagróidh scoileanna agus pobail tuilleadh tionscadail a dhíríonn ar an inbhuanaitheacht agus ar an gcomhshaol a chosaint.

## EOLAS A FHÁIL

### Cad a dúirt na leanaí?

- Faigheann leanaí eolas óna dteaghlaigh agus óna gcairde, ón scoil, ó na meáin shóisialta agus ón idirlíon.
- Is maith le leanaí eolas a fháil sula nglacann siad páirt i ngníomhaíochtaí chun gur féidir leo ullmhú agus a bheith réidh.
- Tá leanaí ar an eolas faoi mhífhaisnéis agus tá siad ag iarraidh cuidiú chun í a chomhrac.

### Cad atá ag teastáil ó leanaí?

- Níos mó eolais a bheith acu faoi dheiseanna rannpháirtíochta daonlathaí trí scoileanna, na meáin shóisialta agus grúpaí pobail.
- Ról níos mó a bheith ag scoileanna in eolas a roinnt maidir le deiseanna rannpháirtíochta daonlathaí.
- Eolas inrochtana, soiléir atá oiriúnach do leanaí.
- Níos mó a fhoghlaim faoi bhréagnuacht agus an chaoi inar féidir le leanaí agus daoine fásta déileáil léi, mar shampla conas eolas a sheiceáil agus foinsí iontaofa a úsáid.
- Go stopfaidh daoine fásta de bhréagnuacht a scaipeadh agus ina ionad sin go labhróidh siad faoi cé chomh tábhachtach atá sé an mhífhaisnéis a chomhrac.

> **...nuair a chruthaíonn tú amhrán, clár teilifíse nó fiseán ar líne, is féidir leat eolas a thabhairt do leanaí maidir le conas domhan níos fearr a chruthú le chéile.**
> -Leanbh ón Ísiltír

## VÓTÁIL

### Cad a dúirt na leanaí?

- Is mian le leanaí áirithe an aois vótála a ísliú agus tá leanaí eile ann nach bhfuil cinnte go bhfuil leanaí aibí go leor le vóta a chaitheamh agus go leor eolais acu chun sin a dhéanamh.
- Tá sé tábhachtach foghlaim faoin daonlathas i scoileanna chun cinntí ciallmhaire a dhéanamh nuair atáthar ag caitheamh vóta.
- Tá tuilleadh eolais agus spreagadh ag teastáil ó leanaí chun bheith rannpháirteach sa daonlathas.

### Cad atá ag teastáil ó leanaí?

- Níos mó cainte a dhéanamh ar scoil faoin daonlathas.
- Níos mó oideachais ar aois óg maidir le vótáil, an daonlathas, institiúidí daonlathacha agus próisis pholaitiúla.
- A bheith spreagtha páirt a ghlacadh sa chinnteoireacht trína thaispeáint céard is féidir le leanaí a fhoghlaim ó bheith rannpháirteach sa daonlathas agus cén leas is féidir leo a bhaint as an rannpháirtíocht sin.

**Parlaimintí Scoile**

Mhol roinnt leanaí comhairlí nó parlaimintí scoile a bheith ann ag ar féidir leo ceisteanna scoile a phlé agus vóta a chaitheamh orthu.

> **Ba é an rud ab fhearr faoi achainí na comhairle scoile gur thosaigh na múinteoirí de thuiscint a fháil orainn agus de sheasamh linn, agus gur éisteadh linn faoi dheireadh.**
> -Grúpa fócais san Ungáir

#EUChildParticipation